II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/175 ÓN GCOIMISIÚN

an 9 Feabhra 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha allmhairiúcháin le haghaidh gluaiseachtaí ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair bhfuil sé beartaithe iad a phórú ón mBreatain Mhór isteach i dTuaisceart Éireann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23a, an frása réamhráiteach agus pointe (m), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha (TSEnna) a chosc, a rialú agus a dhíothú in ainmhithe, lena n-áirítear an scráibeach chlasaiceach.

(2) Rud is sonraí ná sin, leagtar síos le hIarscríbhinn IX, Caibidil E, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 na riachtanais le haghaidh allmhairiú ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair isteach san Aontas. Foráiltear leis na ceanglais sin go mbeidh deimhniú sláinte ainmhithe ag gabháil leis na hallmhairí sin ina bhfianófar, *inter alia*, nach mór gur ó ghabháltas a bhfuil riosca diomaibhseach nó rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leis a thagann ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair le haghaidh pórúcháin a allmhairítear isteach san Aontas nó, i gcás ainmhithe den chineál caorach, gur den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR atá an t-ainmhí, rud a thugann friotaíocht in aghaidh na scráibí clasaicí.

(3) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (An Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, agus ag na gníomhartha ón gCoimisiún a bhunaítear air, maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann tar éis dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Dá réir sin, tá ainmhithe beo a sheoltar ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann faoi réir an chórais is infheidhme maidir le hallmhairí ó aon tríú tír.

(4) Go dtí gur tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm, bhí gluaiseacht ion-náisiúnta mheasta de thart ar 8 000 caora pórúcháin, iad den phór Aghaidh-Dhubh Albanach den chuid is mó, ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann, gan bheith faoi réir na rialacha maidir le trádáil laistigh den Aontas agus le hallmhairiú isteach san Aontas. Ní aithnítear faoi láthair go bhfuil riosca diomaibhseach nó rialaithe na scráibí clasaicí ag baint le go leor de na gabháltais a bhíonn ag trádáil caorach idir an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann de ghnáth. Ina theannta sin, níl ach cion íseal de líon na gcaorach Aghaidh-Dhubh Albanach den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR. Dá bhrí sin, bhí tionchar an-mhór ag teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar ar thrádáil thraidisiúnta na gcaorach pórúcháin ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann.

([1]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

(5) Is gá a áirithiú go leanfaidh póraitheoirí i dTuaisceart Éireann de rochtain a bheith acu ar na hacmhainní géiniteacha den chineál caorach agus den chineál gabhair atá ar fáil sa Bhreatain Mhór, go dtí gur féidir leis na gabháltais sa Bhreatain Mhór na ceanglais a chomhlíonadh maidir le hainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair le haghaidh pórúcháin a onnmhairiú chuig an Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX, Caibidil E, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a leasú chun go bhféadfar ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair le haghaidh pórúcháin ón mBreatain Mhór go Tuaisceart Éireann a allmhairiú ó ghabháltais nach n-aithnítear mar ghabháltais a bhfuil riosca rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leo. Níor cheart an deis sin a chur ar fáil ach do na gabháltais sa Bhreatain Mhór a chuir isteach, roimh an 1 Eanáir 2022, ar an scéim oifigiúil chun aitheantas a thabhairt do ghabháltais a bhfuil riosca rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leo i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Caibidil A, Roinn A, pointe 1.3, a ghabhann leis an Rialachán sin, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i bpointí (a) go (i) de tráth a n-allmhairithe go Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, ba cheart an deis sin a bheith sealadach go fóill agus ba cheart an deis sin dul in éag an 31 Nollaig 2024, rud lena bhféadfar tréimhse leordhóthanach ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar a thabhairt do na gabháltais sin sa Bhreatain Mhór chun an t-aitheantas mar ghabháltais a bhfuil riosca rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leo a bhaint amach.

(6) Is éard atá sa scráibeach chlasaiceach einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha (TSE) nach meastar gur galar zónóiseach é, de réir mar a chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ina dTuairim Chomhpháirteach Eolaíoch maidir le haon ghaol eipidéimeolaíoch nó móilíneach a d'fhéadfadh a bheith ann idir TSEnna in ainmhithe agus i ndaoine, tuairim a glacadh an 9 Nollaig 2010 ([2]). Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 teoranta, agus i bhfianaise chur chun feidhme na rialacha is infheidhme maidir le trádáil ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair laistigh den Aontas a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais, tugtar ráthaíochtaí réasúnta leis sin nach gcuirfidh na leasuithe atá beartaithe ar an Iarscríbhinn sin an leibhéal sláinte ainmhithe san Aontas i mbaol.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a leasú dá réir sin.

(8) I bhfianaise a thábhachtaí atá trádáil ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair le haghaidh pórúcháin ón mBreatain Mhór d'earnáil pórúcháin Thuaisceart Éireann, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 leis an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IX ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([2]) https://doi.org/10.2903/j.efsa.2011.1945

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, i gCaibidil E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

"(5) I gcás ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair le haghaidh pórúcháin a allmhairítear isteach san Aontas agus atá beartaithe do na Ballstáit seachas na Ballstáit sin a bhfuil riosca diomaibhseach na scráibí clasaicí ag baint leo, nó na Ballstáit sin a bhfuil clár formheasta um rialú na scráibí acu agus a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, Caibidil A, Roinn A, pointe 3.2, comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

(a) tagann na hainmhithe allmhairithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó ghabháltas nó ó ghabháltais a chomhlíon na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Caibidil A, Roinn A, pointe 1.3; nó

(b) is ainmhithe den chineál caorach iad den ghéinitíopa próitéine prióin ARR/ARR, agus tagann siad ó ghabháltas nó ó ghabháltais nár forchuireadh aon srian oifigiúil ar ghluaiseacht orthu de bharr ESB nó de bharr na scráibí clasaicí le 2 bhliain anuas; nó

(c) i gcás ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ón mBreatain Mhór a allmhairítear isteach i dTuaisceart Éireann go dtí an 31 Nollaig 2024, tagann na hainmhithe allmhairithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ó ghabháltas nó ó ghabháltais:

(i) nár forchuireadh aon srian oifigiúil ar ghluaiseacht orthu de bharr ESB nó de bharr na scráibí clasaicí le 3 bliana anuas; agus

(ii) a bhfuil iarratas curtha isteach acu, roimh an 1 Eanáir 2022, ar an scéim oifigiúil chun aitheantas a thabhairt do ghabháltais a bhfuil riosca rialaithe na scráibí clasaicí ag baint leo i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII, Caibidil A, Roinn A, pointe 1.3, agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i bpointí (a) go (i) den Iarscríbhinn sin tráth a n-allmhairithe go Tuaisceart Éireann."